Oifig Luachála
Valuation Office

# Valuation Order

## Donegal County Council Rating Authority Area

I, John O'Sullivan, Commissioner of Valuation, in exercise of the powers conferred on me by section 19(1) of the Valuation Act 2001 (No. 13 of 2001), as amended by section 7 of the Valuation (Amendment) Act 2015 (No. 10 of 2015), after consultation with the Minister for Housing, Planning and Local Government and Donegal County Council, hereby order as follows:

1. The rating authority area of Donegal County Council is hereby specified as being an area to which I, as Commissioner of Valuation, propose to appoint, under section 19(2) of the Valuation Act 2001, as amended by section 7 of the Valuation (Amendment) Act 2015, a person to organise and secure the carrying out of a valuation of relevant property situate in that rating authority area, other than:

   (a) any relevant property the subject of an order under section 53, or
   (b) any relevant property specified in Schedule 4.

2. The date by reference to which the value of every relevant property, the subject of the valuation mentioned in this order, shall be determined is 16th September 2019.

3. The publication date for the valuation list in respect of the relevant properties to which this order relates is 15th September 2021.

4. The effective date for the valuation list in respect of the relevant properties to which this order relates is 29th October 2021.

5. This order may be cited as the Valuation Acts 2001 to 2015 (Donegal County Council) Valuation Order 2019.

GIVEN under my hand, this 4th day of November 2019

John O'Sullivan
Commissioner of Valuation

Oifig Luachála, Ionad Irish Life, Sráid na Mainistreach Íocht, Baile Átha Cliath 1 D01 E9X0
Valuation Office, Irish Life Centre, Abbey Street Lower, Dublin 1 D01 E9X0
T: +353-1 817 1000 F: +353-1 817 1180 Locall: 1890 304 444
web: www.valoff.ie email: info@valoff.ie

Oifig Luachála
Valuation Office

# Ordú Luachála

## Limistéar Údaráis Rátúcháin Chontae Dhún na nGall

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 19(1) den Acht Luachála 2001 (Uimh. 13 de 2001), arna leasú le halt 7 den Acht Luachála (Leasú) 2015 (Uimh. 10 de 2015), ordaímse, John O'Sullivan, Coimisinéir Luachála, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, leis seo mar a leanas:

1. Sonraítear gurb é atá i limistéar údaráis rátúcháin Chontae Dhún na nGall ná limistéar ar i ndáil leis a bheartaímse, i mo cháil mar Choimisinéir Luachála, duine a cheapadh faoi alt 19(2) den Acht Luachála 2001, arna leasú le halt 7 den Acht Luachála (Leasú) 2015, chun a eagrú agus a áirithiú go seolfar luacháil ar mhaoin iomchuí atá suite sa limistéar údaráis rátúcháin sin seachas:

   (a) aon mhaoin iomchuí is ábhar d'ordú faoi alt 53, nó
   (b) aon mhaoin a shonraítear i Sceideal 4.

2. Is é an 16 Meán Fómhair 2019 an dáta ar faoina threoir a chinnfear luach gach maoine iomchuí is ábhar don luacháil a luaitear san ordú seo.

3. Is é an 15 Meán Fómhair 2021 an dáta foilsithe i leith an liosta luachála le haghaidh na maoine iomchuí lena mbaineann an t-ordú seo.

4. Is é an 29 Deireadh Fómhair 2021 an dáta éifeachtach i leith an liosta luachála le haghaidh na maoine iomchuí lena mbaineann an t-ordú seo.

5. An tOrdú Luachála um na hAchtanna Luachála 2001 go 2015 (Comhairle Chontae Dhún na nGall) 2019 is teideal don Ordú seo.

ARNA THABHAIRT faoi mo láimh an 4ú lá seo de Shamhain 2019

John O'Sullivan
Coimisinéir Luachála

Oifig Luachála, Ionad Irish Life, Sráid na Mainistreach Íocht, Baile Átha Cliath 1 D01 E9X0
Valuation Office, Irish Life Centre, AbbeyStreetLower, Dublin 1 D01 E9X0
T: +353-1 817 1000 F: +353-1 817 1180 Locall:1890 304 444
idirlíon:www.valoff.ie ríomhphost:info@valoff.ie